



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.6.2022
COM(2022) 292 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN
gCÚIRT INIÚCHÓIRÍ**

**Tuarascáil bhliantúil chuig an Údarás um Urscaoileadh maidir le hiniúchtaí
inmheánacha a rinneadh in 2021**

{SWD(2022) 160 final}

Clár Ábhar

1.	CUSPÓIRÍ AGUS RAON FEIDHME NA TUARASCÁLA.....	2
2.	MISEAN NA SEIRBHÍSE UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH: CUNTASACHT, NEAMHSPLEÁCHAS AGUS OIBIACHTÚLACHT.....	2
3.	FORBHREATHNÚ AR OBAIR INIÚCHÓIREACHTA	3
3.1.	Cur chun feidhme phlean iniúchóireachta 2021.....	3
3.2.	Sonraí staidrimh maidir le moltaí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach.....	4
4.	CONCLÚIDÍ BUNAITHE AR AN OBAIR INIÚCHÓIREACHTA A RINNEADH IN 2021.....	7
4.1.	Conclúid maidir le hiniúchtaí feidhmíochta	7
4.1.1.	Ullmhacht le haghaidh cur chun feidhme Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027	8
4.1.2.	Straitéisí maoirseachta le haghaidh cur chun feidhme clár ag tríú páirtithe	9
4.1.3.	Córais rialaithe inmheánaigh in Ard-Stiúrthóireachtaí roghnaithe: Dlíthiúlacht agus rialtacht, comhlíontacht.....	10
4.1.4.	Cur chun feidhme dhlí an Aontais	12
4.1.5.	Slándáil teicneolaíochta faisnéise	12
4.1.6.	Próisis eile	13
4.2.	Na conclúidí teoranta ón tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach	13
4.3.	An tuairim fhoriomlán maidir le bainistíocht airgeadais ag an gCoimisiún	13
5.	COMHAIRLIÚCHÁN LEIS AN BPAINÉAL UM MÍRIALTACHTAÍ AIRGEADAIS DE CHUID AN CHOIMISIÚIN.....	16
6.	BEARTA MAOLAITHE LE HAGHAIDH COINBHLEACHTAÍ LEASA IONCHASACHA (CAIGHDEÁIN IDIRNÁISIÚNTA UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH) — IMSCRÚDÚ AN OMBUDSMAN EORPAIGH	16

1. CUSPÓIRÍ AGUS RAON FEIDHME NA TUARASCÁLA

Leis an tuarascáil seo, mar chuid den nós imeachta um urscaoileadh, cuirtear Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an eolas **maidir le hiniúchtaí inmheánacha a rinne Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh in Ard-Stiúthóireachtaí, seirbhís agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Choimisiúin in 2021**¹. Tá an méid a leanas sa tuarascáil: (i) achoimre ar mhéid agus cineál na n-iniúchtaí inmheánacha a rinneadh; (ii) sintéis de na moltaí a rinneadh; agus (iii) an ghníomhaíocht a rinneadh ar bhonn na moltaí sin. I gcomhréir le hAirteagal 118(8) agus Airteagal 247 den Rialachán Airgeadais², cuireann an Coimisiún an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Tá an tuarascáil bunaithe ar an tuarascáil a tharraing Iniúcháir Inmheánach an Choimisiúin suas, i gcomhréir le hAirteagal 118(4) den Rialachán Airgeadais, ar iniúchtaí a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, agus ar thuarascálacha comhairliúcháin ar cuireadh bailchríoch orthu in 2021³.

2. MISEAN NA SEIRBHÍSE UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH: CUNTASACHT, NEAMHSPLEÁCHAS AGUS OIBIACHTÚLACHT

Is é mision na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach **luach eagraíochtúil a fheabhsú agus a chosaint trí dhearbhu, comhairle agus léargas atá riosca-bhunaithe agus oibiachtúil a sholáthar**. Cuidíonn an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach leis an gCoimisiún chun a chuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach, críochnúil a thabhairt isteach chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistithe riosca, rialaithe, agus rialachais agus chun feabhas a chur orthu. Áirítear ar na cúramaí atá uirthi measúnú a dhéanamh agus moltaí iomchuí a thabhairt chun go gcuirfeadh feabhas ar na próisis bhainistithe riosca, rialaithe agus rialachais le go mbainfeadh amach na trí chuspóir a leanas: (i) eitic agus luachanna iomchuí a chur chun cinn laistigh den eagraíocht; (ii) bainistíocht éifeachtach feidhmíochta eagraíochtúla agus cuntasacht a áirithiú; agus (iii) faisnéis faoi riosca agus rialú a chur in iúl go héifeachtach dóibh siúd is ábhartha i réimsí iomchuí na heagraíochta. Agus sin á dhéanamh aici, tá sé d'aidhm ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach cultúr de bhainistíocht atá éifeachtúil agus éifeachtach a chur chun cinn laistigh den Choimisiún agus dá chuid ranna.

Is **sa Rialachán Airgeadais a chumhdaítear neamhspleáchas obair na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach** agus a **chairt mhisin**⁴ arna nglacadh ag an gCoimisiún. Tá sé mar choinníoll sa chairt sin nach mór d'iniúcháirí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach an neamhspleáchas atá acu a chaomhnú maidir leis na gníomhaíochtaí agus na hoibríochtaí a dhéanann siad a athbhreithniú ionas go n-áiríteofar oibiachtúlacht ina gcuid breithiúnas agus go seachnófar coinbhleacht leasa. Má lagaítear a n-oibiachtúlacht, i bhfíoras nó i gcuma, ba cheart sonraí an lagaithe a nochtadh. Má bhraitheann an tIniúcháir Inmheánach gur gá é sin a dhéanamh, féadfaidh sé nó sí aitheasc a thabhairt díreach d'Uachtarán an Choimisiúin agus/nó don Cholaiste.

Déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach a chuid oibre i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta le haghaidh Cleachtas Gairmiúil na hIniúchóireachta Inmheánaí agus le Cód Eitice Institiúid na hIniúcháirí Inmheánacha.

¹ Ní chumhdaítear sa tuarascáil na gníomhaireachtaí dlíraithe Eorpacha, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ná comhlachtaí eile a ndéana an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchtaí orthu, faigheann siadsan tuarascálacha bliantúla ar leithligh.

² Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 IO L 193, 30.7.2018.

³ Áirítear sa tuarascáil sin na tuarascálacha iniúchta ar cuireadh clabhsúr orthu sa tréimhse 1 Feabhra 2021 go 31 Eanáir 2022.

⁴ Teachtaireacht chuig an gCoimisiún, Cairt Mhisin na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, C(2020) 1760 final an 25 Márta 2020.

Tuairiscíonn **an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach — agus tá sí cuntasach ar bhonn feidhmiúil — don Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta**. An tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach: (i) tuairiscíonn sí saincheistanna suntasacha a eascraíonn as a cuid iniúchtaí don Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta agus feabhsú ionchasach na bpróiseas iniúchta; (ii) soláthraíonn sí tuairim fhoriomlán gach bliain maidir le stádas na bainistíochta airgeadais sa Choimisiún; agus (iii) tuairiscíonn sí (gach bliain ar a laghad) ar a misean agus a feidhmíocht, mar a leagtar amach ina plean iniúchóireachta bliantúil. Áirítear sa tuairisciú sin neamhchosaint shuntasach ar riosca, saincheistanna rialaithe, saincheistanna rialachais chorparáidigh agus ábhair eile.

Cabhraíonn an Coiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta le Coláiste na gCoimisinéirí chun a chuid oibleagáidí faoi na Conarthaí, faoin Rialachán Airgeadais agus faoi ionstraimí reachtúla eile a chomhlíonadh. Is tríd an méid a leanas a dhéanann sé é sin: (i) neamhspleáchas na Seirbhíse Iniúchóireachta Inmheánaí a áirithiú; (ii) faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na hoibre iniúchóireachta inmheánaí; (iii) cur san áireamh cuí na moltaí iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí ag seirbhísí an Choimisiúin a áirithiú; agus (iv) bearta leantacha iomchuí a áirithiú maidir leis na moltaí sin. Ar an gcaoi sin, cuidíonn an Coiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta le feabhas a chur ar éifeacht agus éifeachtúlacht an Choimisiúin agus é i mbun a chuid spriocanna a bhaint amach. Éascaíonn an Coiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta an fhorghoirseacht a dhéanann an Coláiste ar chleachtais rialachais, bhainistíochta riosca agus rialachais inmheánaigh an Choimisiúin freisin⁵.

Ní dhéanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh ar na córais rialaithe atá ag na Ballstáit i dtaca le cistí an Aontais Eorpaigh. Maidir le hiniúchtaí den sórt sin is ar leibhéal tairbhíthe aonair a dhéantar iad, agus is iad iniúcháirí inmheánacha na mBallstát, údaráis náisiúnta iniúchóireachta, Ard-Stiúrthóireachtaí eile an Choimisiúin agus Cúirt Iniúcháirí na hEorpa a dhéanann iad. Déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh, áfach, ar bhearta a dhéanann an Coimisiún chun maoirseacht agus iniúchóireacht a dhéanamh: (i) ar chomhlachtaí i mBallstáit; agus (ii) ar chomhlachtaí eile, amháil na Náisiúin Aontaithe, atá freagrach as cistí an Aontais a íoc amach. Mar a fhoráiltear sa Rialachán Airgeadais, féadfaidh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach na dualgais sin a dhéanamh ar an láthair, sna Ballstáit san áireamh.

3. FORBHREATHNÚ AR OBAIR INIÚCHÓIREACHTA


3.1. Cur chun feidhme phlean iniúchóireachta 2021

Chuir an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach plean iniúchóireachta 2021 i bhfeidhm i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, agus tugadh urramú iomlán do na socrúithe oibre is infheidhme ar an leibhéal corparáide. D'ainneoin na ndúshlán a bhí ann mar thoradh ar na cúinsí sin, chuir an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach bailchríoch ar 143 'ghníomhaíocht' (iniúchtaí, comhairliúcháin, bearta leantacha agus athbhreithnithe), agus d'eisigh sí 148 dtuarascáil (lena n-áirítear bearta leantacha agus nótaí clabhsúir)⁶. Baineadh sin amach trí na deiseanna digitithe atá ar fáil sa Choimisiún a úsáid, le huirlisí a thacaíonn le próisis éifeachtúla agus éifeachtacha cian-iniúchta.

Sna graif thíos tá méid foriomlán agus briseadh síos de réir chineál na ngníomhachtaí agus na dtuarascálacha ar cuireadh bailchríoch orthu. Faoin scoithdháta den 31 Eanáir 2022, bhí 100 % de phlean iniúchóireachta 2021, mar a nuashonraíodh é chun na rioscaí a bhí ag teacht chun cinn i lár na bliana a chur san áireamh, curtha chun feidhme.

⁵ Chun na sonraí a fháil, féach an Teachtaireacht chuig an gCoimisiún, Cairt Mhisin an Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, C(2020) 1165 final an 27 Feabhra 2020. Rinneadh Cairt an Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta a nuashonrú in 2020 chun go gcuirfí teacht isteach in oifig an Choimisiúin 2019-2024 ar an 1 Nollaig 2019 agus na hathruithe i gcomhaltas an Choiste san áireamh.

⁶ Áirítear 50 eintiteas eagraíochtúla tríd is tríd in uile-phobal na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin. I gcás roinnt de na heintitis sin, in 2021 eisíodh níos mó ná tuarascáil chríochnaitheach amháin iniúcháir, athbhreithnithe nó comhairliúcháin ina leith. Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre chun forbheathnú sonracha a fháil ar na heintitis ar eisíodh tuarascálacha críochnaitheacha iniúcháir, athbhreithnithe nó comhairliúcháin ina leith.




Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach

Bhí 38 ngníomhaíocht iniúcháireachta (iniúchtaí, athbhreithnithe agus comhairliúcháin, ach gan bhearta leantacha sa áireamh) sa chéad phlean 2021 a raibh sé beartaithe go gcuirfí bailchríoch orthu faoin scoithdháta an 31 Eanáir 2022, thairis sin, bhí 35 ghníomhaíocht bhreise i gcéad-phlean 2021 ar beartaíodh go gcuirfí tús leo roimh an 31 Eanáir 2022 agus go gcuirfí bailchríoch orthu tar éis an dáta sin. Rinneadh céad phlean 2021 a nuashonrú i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2021. Chuir an Coiste um Dhul Chun Cinn Iniúcháireachta na chéad phleananna agus na pleananna nuashonraithe araon san áireamh.

Déanann an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach a cuid oibre iniúcháireachta a phleanáil ar bhonn measúnú riosca agus anailís ar acmhainneacht. Ceanglaítear sin leis an gcairt dá cuid agus leis sna caighdeáin idirnáisiúnta, díreann ar phlean a shainmhíniú ina gcumhdaítear na réimsí is mó riosca, ag méadú luach breise na Seirbhíse um Iniúcháireacht mar sin, agus cuidítear leis an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní agus le cur chun feidhme éifeachtúil agus éifeachtach an phlean a áirithiú. Déantar faireachán go tráthrialta ar chur chun feidhme an phlean agus déantar é a choigeartú de réir mar is gá.

3.2. Sonraí staidrimh maidir le moltaí na Seirbhíse um Iniúcháireacht Inmheánach

Taispeántar thíos méid na moltaí a d'eisigh an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach in 2021.



Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach


Cuireadh forbhreathnú bliantúil cuimsitheach na mbearta leantacha a rinne an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach ar mholtaí iniúcháireachta inmheánacha a bhí níos mó ná 6 mhí thar

téarma ar an scoithdháta an 31 Eanáir 2022 faoi bhráid an Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta. Thairis sin, ullmhaíonn an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach trí thuarascáil ráithiúla bhreise maidir le cur chun feidhme moltaí i bhfad thar téarma, moltaí a bhíonn á bplé le linn chruinnithe an ghrúpa ullmhúcháin de chuid an Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta.

In 2021, ghlac na hiniúchaithe le moltaí uile na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach, ach amháin ceann díobh⁷. I ngach cás, dhréachtaigh na hiniúchaithe pleananna gníomhaíochta a chuir siad faoi bhráid na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach ansin agus mheas sí ina seal go raibh na pleananna sin sásúil.


Ar an scoithdháta an 31 Eanáir 2022 mheas na hiniúchtaí gur cuireadh chun feidhme 652 (74 %) d'iomlán de 881 moltaí glactha (cuid díobh glactha go páirteach)⁸ a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach le linn na tréimhse 2017-2021⁹. Fágann sin go bhfuil iomlán de 229 moladh (26 %) ar oscailt fós.

Líon na moltaí glactha a eisíodh in 2017-2021 de réir stádais (bunaithe ar mheasúnú na n-iniúchtaí)



■ Curtha chun feidhme ■ Oscailte

Líon na moltaí oscailte de réir rátála



■ Rí-thábhachtach ■ An-tábhachtach ■ Tábhachtach

Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

As na 229 moladh oscailte sin, níl aon cheann rátáilte mar rí-thábhachtach, tá 72 rátáilte mar an-tábhachtach, agus tá 157 rátáilte mar tábhachtach. Tá 65 díobh thar téarma (i.e. níor cuireadh i bhfeidhm iad faoin dáta chur chun feidhme a comhaontaíodh i dtús ama). Is ionann na moltaí thar ama sin agus 7.4 % d'iomlán (cuid díobh glactha go páirteach) na moltaí glactha. As na moltaí thar téarma sin, tá 7 gcinn an-tábhachtach díobh rangaithe mar i bhfad thar téarma (bíonn moladh i bhfad thar téarma nuair a bhíonn sé fós ar oscailt breis agus 6 mhí tar éis an dáta bhunaidh le haghaidh a chur chun feidhme). Is ionann na moltaí an-tábhachtach sin atá i bhfad thar téarma agus 0.8 % de mhéid iomlán na moltaí ar glacadh leo sa tréimhse 2017-2021 (i gcomparáid le 0.6 % sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin). Ina theannta sin, tá moladh an-tábhachtach amháin, nach bhfuil san áireamh sa tréimhse tuairiscithe, i bhfad thar téarma freisin.


⁷ Dhiúltaigh an t-iniúcháí do mholadh tábhachtach amháin. Ghlac an bhainistíocht leis an riosca iarmharach agus chuir sí cuid de mholadh na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach i bhfeidhm agus ní raibh gá le tuilleadh idirphlé a dhéanamh ar leibhéal ghrúpa ullmhúcháin an Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta.

⁸ Dhiúltaigh an t-iniúcháí do mholadh tábhachtach amháin. Ghlac an bhainistíocht leis an riosca iarmharach agus chuir sí cuid de mholtaí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach i bhfeidhm agus ní raibh gá le tuilleadh idirphlé a dhéanamh ar leibhéal ghrúpa ullmhúcháin an Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta.

⁹ Taispeántar rátáil na moltaí ar an scoithdháta ar an ngraf. D'fhéadfadh sin a bheith éagsúil leis an rátáil sa tuarascáil bhunaidh má mheasann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach gur leordhóthanach na gníomhaíochtaí a rinne an t-iniúcháí ina dhiaidh sin chun na rioscaí a sainaithníodh a mhaolú go páirteach agus dá bhrí sin go dtiocfadh íosghrádú rátáil an mholta as sin.

TÁ BEARTAS DIAN UM BEARTA LEANTACHA AG AN tSEIRBHÍS UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH I LEITH MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR CHUR CHUN FEIDHME NA MOLTAÍ DÁ CUID. TAISPEÁNTAR LEIS NA TORTHAÍ GO GCUIRTEAR FORMHÓR MÓR NA MOLTAÍ A DHÉANANN AN tSEIRBHÍS UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH CHUN FEIDHME GO HÉIFEACHTACH AGUS GO TRÁTHÚIL.

Aois na moltaí moillithe a eisíodh in 2017-2021 de réir rátála



Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach

Tríd is tríd, measann an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach go bhfuil cur chun feidhme a cuid moltaí sásúil agus inchomparáide le cur chun feidhme na moltaí a tugadh i dtréimhsí tuairiscithe roimhe. Agus an staid mar atá, léirítear go bhfuil seirbhísí an Choimisiúin díograiseach agus na moltaí ríthábhachtacha agus an-tábhachtach á gcur chun feidhme acu, sa chaoi go maolaítear na rioscaí arna sainaithint ag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach. Mar sin féin, ba cheart aird a thabhairt ar na moltaí aonair atá rátáilte mar an-tábhachtach agus atá i bhfad thar téarma.

Achoimrítear na moltaí an-tábhachtach, i bhfad thar téarma sin i gCuid 3 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

4. CONCLÚIDÍ BUNAITHE AR AN OBAIR INIÚCHÓIREACHTA A RINNEADH IN 2021

4.1. Conclúid maidir le hiniúchtaí feidhmíochta

Chun go rannchuideodh sí le cultúr feidhmíocht-bhunaithe an Choimisiúin agus leis an gcaoi ina dhíríonn sé go mór ar luach airgid, rinne an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach 2 chineál iniúchadh in 2021: iniúchtaí feidhmíochta agus iniúchtaí cuimsitheacha¹⁰ inar cumhdaíodh gnéithe tábhachtacha na feidhmíochta.

I gcomhréir leis an modheolaíocht agus na dea-chleachtais dá cuid, is ar bhealach indíreach a ghabhann an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach i leith feidhmíochta, trí mheasúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na ranna i gcur i bhfeidhm beartas, clár agus gníomhaíochtaí faoi threoir na rioscaí a bhaineann leo. Leis an gcur chuige sin, tá sé d'aidhm ag an tSeirbhís a áirithiú go bhfuil creata

¹⁰ Ar an iomlán, rinne an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach 24 iniúchadh idir iniúchtaí feidhmíochta agus iniúchtaí cuimsitheacha. Chun tuilleadh sonraí a fháil féach an Doiciméad Inmheánach Oibre.

feidhmíochta iomchuí, uirlisí iomchuí um fheidhmíocht a mheas, príomhtháscairí iomchuí agus córais faireacháin iomchuí forbartha ag na hArd-Stiúrthóireachtaí agus na seirbhísí.

Leagtar amach sna ranna a leanas conclúidí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach maidir leis na gnéithe éagsúla feidhmíochta ar dhírigh sí orthu sna hiniúchtaí a rinne sí in 2021.

4.1.1. Ullmhacht le haghaidh cur chun feidhme Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027

Ba cheart Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 agus an pacáiste athshlánaithe faoi NextGenerationEU a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus ba cheart é a bheith comhlántach a mhéid a bhaineann leis na deiseanna cistithe agus na torthaí atá le baint amach. Dírfódh i roinnt iniúchtaí in 2021 ar na rioscaí a bhaineann le ceapadh an phacáiste fhoriomláin, ar ról feabhsaithe an Choimisiúin i roinnt réimsí agus ar na réimsí nua freagrachtaí atá aige. Tugtar le fios i dtorthaí na n-iniúchtaí sin go mbeidh gá le feabhsú suntasach sa réimse sin amach anseo, agus eisíodh roinnt¹¹ moltaí an-tábhachtacha in 2021 a cuireadh faoi bhráid na nArd-Stiúrthóireachtaí a ndearnadh iniúchóireacht orthu.

- 1) In iniúchadh amháin rinneadh measúnú ar ullmhúchán chlárthréimhse 2021-2027 san Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, in Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hlascaireachta, agus in Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh Uirbhgh. D'eascair 7 moladh an-tábhachtacha as an iniúchadh sin. Próiseas leanúnach a bhí san ullmhúchán a rinne na hArd-Stiúrthóireachtaí le haghaidh chlárthréimhse 2021-2027, bhí an próiseas sin ar bun fós ar dháta na tuarascála iniúchóireachta agus dá bhrí sin tugadh aghaidh, go hiarbhír, ar sprioc neamhchinnte san iniúchadh. Cé go raibh próisis oiriúnacha ceaptha agus curtha chun feidhme ag na hArd-Stiúrthóireachtaí chun tacú le tús na clárthréimhse 2021-2027, ba ann do 2 cheann de laigí a chuaigh i bhfeidhm ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na bpróiseas, go háirithe a mhéid a bhain le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus le tráthúlacht ullmhúchán agus tús oibríochtúil na clárthréimhse.
- 2) Bhain an dara hiniúchadh leis an ullmhúchán a rinneadh le haghaidh chlárthréimhse 2021-2027 maidir le cistí na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile. D'eascair 2 mholadh an-tábhachtacha as an dara ceann. Thug an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach dá haire gur phróiseas leanúnach a bhí san ullmhúchán a rinneadh le haghaidh chlárthréimhse 2021-2027 agus go raibh an próiseas sin ar bun fós ar dháta na tuarascála iniúchóireachta. Cé go raibh próisis oiriúnacha ceaptha agus curtha chun feidhme ag an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile chun tacú le tús na clárthréimhse 2021-2027, ba ann do roinnt laigí fós a chuaigh i bhfeidhm ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na bpróiseas, go háirithe a mhéid a bhain le moilleanna ar chlár oibre na saoráide téamaí agus ar fhaireachán ar an dul chun cinn i gcláreagrú thréimhse 2021-2027 agus le tuairisciú chuig an mbainistíocht shinsearach.

Maidir leis an dá iniúchadh, ós rud é gur de chineál leantach na hullmhúcháin agus gurab ionann na hiniúchtaí agus roghbhliúire ag pointe ama ar leith, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag na laigí a sainaithníodh ar chéimeanna leantacha na clárthréimhse mura dtugtar aghaidh orthu.

- 3) I dtríú iniúchadh rinneadh measúnú ar ullmhacht na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise chun an Rialachán maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a chur chun feidhme¹². San iniúchadh sin, chinn an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach nár oiriúnach ná éifeachtach go leor córas rialaithe inmheánaigh na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise chun ullmhúchán a dhéanamh don chomhar a bheidh ann amach anseo le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh. San iniúchadh sin sainaithníodh laigí i bpleanáil an phróisis ullmhúcháin agus san fhaireachán a dhéantar air, sna treoirínte um imscrúdú agus um chosaint sonraí agus i

¹¹ 15 de na 45 (33 %) moltaí an-tábhachtacha a eisíodh in 2021.

¹² Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE')

ngnéithe a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise, agus eisíodh 3 mholadh an-tábhachtacha.

- 4) I gceathrú iniúchadh rinneadh measúnú ar ullmhacht chlár lomaíochta Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta. Cé go raibh creat curtha ar bun ag an Ard-Stiúrthóireacht chun go gcuirfí an clár lomaíochta chun feidhme faoi Chreat Airgeadas Ilbhliantúil 2021-2027, sainaithníodh san iniúchadh go raibh laige i gcónaí i sainiú agus struchtúrú roinnt de phríomh-eilimintí an chlár lomaíochta, laige a d'fhéadfadh tionchar a bheith aici, ina seal, ar chur chun feidhme éifeachtach an chlár. D'eisigh an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach 3 mholadh an-tábhachtach.
- 5) Mar chlabhsúr, níor sainaithníodh aon saincheistanna feidhmíochta sonracha san iniúchadh a rinneadh ar an ullmhacht le haghaidh an Chórais Staidrimh Eorpaigh nua in Eurostat faoi chlárthréimhse 2021-2027.

4.1.2. Straitéisí maoirseachta le haghaidh cur chun feidhme clár ag tríú páirtithe

Ní mór d'oifigigh údarúcháin straitéisí agus gníomhaíochtaí atá oiriúnach agus éifeachtach a chur ar bun chun maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na gclár agus chosaint bhuiséad an Aontais Eorpaigh ag eintitis tharmligthe, agus chun aghaidh a thabhairt go pras ar aon deacrachtaí ionchasacha a shainaithnítear.

Sna blianta roimhe seo, rinne an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach roinnt mhaith iniúchtaí ar na socruithe maoirseachta a bhí ar bun in Ard-Stiúrthóireachtaí agus i seirbhísí le haghaidh cur chun feidhme clár (agus/nó beartas) ag tríú páirtithe. Rinne sí laigí in éifeachtacht na straitéisí maoirseachta a shainaithint go minic. Sa tuairim fhoriomlán dá cuid maidir le bainistíocht airgeadais, agus mar a tharla sna blianta roimhe seo, chuir an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach béim ar ábhar le chéile arís i ndáil leis na straitéisí maoirseachta le haghaidh tríú páirtithe a chuireann beartais chun feidhme. An tráth céanna, bunaithe ar thorthaí iniúcháireachta 2021, baineadh de tháta astu go bhfuil an staid ag feabhsú i roinnt réimsí beartais.

- 1) I bplean straitéiseach iniúcháireachta 2021-2023 dá cuid, bhí sé d'aidhm ag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach teacht ar chur chuige riosca-bhunaithe comhtháite chun iniúchtaí a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ina gcuimseofaí Ard-Stiúrthóireachtaí comhpháirtíochta an Choimisiúin agus gníomhaireachtaí eile díláraithe nó comhlachtaí neamhspleácha eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Cuireadh clabhsúr ar an gcéad dá iniúchadh ileintiteas in 2021, agus díríodh, ar leibhéal Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin, ar na socruithe maoirseachta a bhí ar bun idir Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh agus Fuinneamh Comhleá (F4E) faoi seach, (an comhghnóthas Eorpach a bhainistíonn rannchuidiú na hEorpa le ITER) agus idir an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile agus an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex). Bhí na torthaí sásúil agus níor sainaithníodh aon rioscaí ard-iarmharacha ná aon laigí móra in Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin a ndearnadh iniúchadh orthu.
- 2) Rinneadh iniúchadh eile san Ard-Stiúrthóireacht um Gníomhú ar son na hAeráide agus in Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil maidir leis an gcaidreamh idir iad féin agus an Gníomhaireacht Eorpach Comhshaoil agus an Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán. I gcodarsnacht leis an dá ileintiteas thuas, níor chuir an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach an dá gníomhaireacht sin san áireamh i raon feidhme an iniúchta toisc gur seoladh an t-iniúchadh in 2020, sular atheagraíodh an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach. Tá próisis oiriúnacha curtha ar bun ag an dá Ard-Stiúrthóireacht chun tacú leis an gcaidreamh atá acu leis na gníomhaireachtaí díláraithe lena mbaineann. Cinneadh, áfach, go raibh a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht bearnaithe ag laige a bhain leis an ról maoirseachta ar acmhainní na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil atá ag an Ard-Stiúrthóireacht um Gníomhú ar son na hAeráide agus Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil araon. Bhain laige eile in Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil leis na sásraí maoirseachta agus comhordaithe leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.

- 3) Mar chlabhsúr, ba é b'aidhm d'iniúchadh measúnú a dhéanamh ar mhaoirseacht chomhlachtaí Airteagal 185 ag Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta. Dúnadh an t-iniúchadh sin tar éis an réamh-shuirbhé nuair a rinne na hiniúcháirí na rioscaí bunúsacha, a measadh mar ard i gcéadair, a mheasúnú mar íseal go meánach, go háirithe toisc nach leanfaidh ach 2 cheann as 5 cinn de na comhlachtaí Airteagal 185 atá faoi réir fhreagracht na hArd-Stiúrthóireachta Taighde agus Nuálaíochta de bheith san fhoirm ina bhfuil siad faoi láthair faoi chlár réime um thaighde 2021-2027, Fís Eorpach.

4.1.3. Córais rialaithe inmheánaigh in Ard-Stiúrthóireachtaí roghnaithe: Dlíthiúlacht agus rialtacht, comhlíontacht

Cé gur leag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach béim níos mó ar shaincheistean na feidhmíochta leis na blianta beaga anuas, coinníonn geallsealbhoirí polaitiúla agus Cúirt Iniúcháirí na hEorpa leibhéal grinnscrúdaithe ar bun ar bhainistíocht bhuiséad an Aontais Eorpaigh ag an gCoimisiún, a mhéid a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht, agus comhlíontacht. Dá bhrí sin, bhí sé ar cheann de thosaíochtaí phlean iniúcháireachta 2021 (bunaithe ar phlean straitéiseach iniúcháireachta 2021-2023) athdhearbhú a sholáthar don Cholaiste agus do na hArd-Stiúrthóireachta agus na seirbhísí maidir le feidhmíocht éifeachtúil agus éifeachtach na gcóras rialaithe inmheánaigh, a mhéid a bhaineann le bainistíocht airgeadais.

I réimse na bainistíochta comhpháirtí, chuir an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach clabhsúr ar thrí iniúchadh.

- 1) San iniúchadh a rinneadh le haghaidh Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa 2014-2020 ar bhristeacha, fionraíocht agus ceartúcháin airgeadais, d'admhaigh an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach go bhfuil an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta agus Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaí agus Uirbigh ag feidhmiú faoi shrianta creata dhlíthiúil an-dúshlánach i bhfoirm an Rialacháin le haghaidh Forálacha Coiteanna. Go háirithe, tá na coinníollacha le haghaidh chur i bhfeidhm na nglan-cheartúcháin airgeadais níos déine ná na moltaí bunaidh ón gCoimisiún. Dá dheasca sin, is gá breathnú ar chinntí an iniúchta sa chomhthéacs sin. Tháinig an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach ar an gconclúid gur ann do roinnt laigí a bhfuil tionchar acu ar chur chun feidhme éifeachtach phróisis na nArd-Stiúrthóireachtaí le haghaidh bristeacha, fionraí agus ceartúcháin airgeadais agus bhí 8 gcinn de mholtaí an-tábhachtach eisithe aici dá bhrí sin.
- 2) Tá an córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talún ina phríomh-shásra rialaithe atá bunaithe ar aerghrianghraif nó grianghraif shatailíte, ar córas é lena ndéantar taifead ar na dáileachtaí talmhaíochta uile sna Ballstáit. Tá an córas ceaptha chun incháilitheacht a fhíorú le haghaidh fóirdheontais limistéir-bhunaithe faoin gComhbheartas Talmhaíochta ('CBT') agus tá ról fíor-riachtanach aige i gcomhlíontacht oibleagáidí éagsúla CBT a sheiceáil, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le glású CBT. Fuair an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach, cé go bhfuil rialuithe oiriúnacha curtha ar bun ag Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe chun tacú le bainistíocht chóras na mBallstát agus chun faireachán a dhéanamh ar a gcáilíocht, fuair an tSeirbhís go bhfuil a n-éifeachtúlacht faoi thionchar laigí. Ó thaobh faireacháin agus bearta leantacha de, is gá feabhas a chur ar fheidhmiú measúnaithe cáilíochta an chórais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talún.
- 3) Níor sainaithníodh aon saincheistean na feidhmíochta suntasacha maidir le tacaíocht, le faireachán agus le seiceálacha i ndáil le hobair na gcomhlachtaí deimhniúcháin mar thoradh ar an iniúchadh a rinneadh in Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe.

Chuir an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach clabhsúr ar iniúchtaí éagsúla ar bhainistíocht dhíreach freisin.

- 4) San iniúchadh a rinneadh ar chur chun feidhme na dtorthaí iniúcháireachta in Fís 2020, chinn an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh atá oiriúnach agus éifeachtach tríd is tríd curtha ar bun agus curtha chun feidhme ag na

hArd-Stiúrthóireachtaí agus na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin a ndearnadh iniúchadh orthu, rud a rinne siad ar mhaithe leis na torthaí iniúcháireachta ón tSeirbhís Iniúchta Comónta a chur chun feidhme. Tá róil agus freagrachtaí sainmhínithe go soiléir agus tá uirlisí ar fáil do na hoifigigh thionscadail agus airgeadais, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme. Mar sin féin, is ann do laigí i gcónaí, a mhéid a bhaineann le faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme na dtorthaí iniúcháireachta *ex post*¹³.

- 5) Scrúdaigh an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach an tionscnamh ‘limistéar um chómhalartú faisnéise leictreonaí’ (SEDIA) de chuid an Choimisiúin freisin. Is é is cuspóir le SEDIA an próiseas le haghaidh láimhseáil faisnéise faoi sholáthar agus deontais a uathoibriú agus a chomhtháthú go hiomlán, ionchur sonraí de láimh a theorannú go dtí an t-íosmhéid is déine, agus ailíniú agus athúsáid shonraí den sórt sin a chur chun cinn feadh an phróisis uile. Is é is aidhm do SEDIA pointe iontrála amháin a sholáthar d’iarratasóirí, iarrthóirí agus tairgeoirí chun faisnéis faoi nósanna imeachta soláthair agus deontais a chur in iúl agus a mhalartú. Le cur chun feidhme thionscnamh SEDIA tacaítear le cuspóirí gnó de chuid roinnt mhaith cliant a bhaint amach, agus, i ndeireadh na dála, cuspóirí gnó an Choimisiúin ar fad. Toisc í a bheith ina thionscnamh úrnua de chuid an Choimisiúin, agus í uathúil ó thaobh cineáil de, ní raibh an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde in ann leas a bhaint as taithí i dtéarmaí struchtúr rialachais, creat rialaithe inmheánach agus córais tacaíochta teicneolaíochta faisnéise agus í i mbun SEDIA a chur chun feidhme. Thairis sin, ó seoladh é in 2017, bhí an tionscnamh srianta go maith i dtéarmaí infhaighteachta uirlisí oiriúnacha teicneolaíochta faisnéise. Cé go soláthraíonn an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde na seirbhísí a bhfuil sí freagrach astu faoi thionscnamh SEDIA ar bhealach éifeachtach, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus mar a comhaontaíodh lena cuid cliant, is ann do laigí a mbíonn tionchar acu ar éifeachtacht sholáthar na seirbhísí a bhaineann le SEDIA agus ar chomhlíonadh na rialacha maidir le sonraí pearsanta a chosaint a phróiseáiltear i gcomhthéacs oibríochtaí SEDIA de chuid na gníomhaireachta.
- 6) Soláthraíonn an Ard-Stiúrthóireacht maidir le Tacaíocht um Athchóiriú Struchtúrach tionscadail um thacaíocht theicniúil, a bhfuil méadú ag teacht ar a líon de réir a chéile, do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, go príomha tríd an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach le haghaidh chlárthréimhse 2014-2020 agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil le haghaidh chlárthréimhse 2021-2027. Chinn an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach, cé gur cheap an Ard-Stiúrthóireacht próisis agus rialuithe atá oiriúnach tríd is tríd chun tacaíocht theicniúil a sholáthar do na Ballstáit faoin gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, gur ann do laigí a mhéid a bhaineann lena hacmhainní TF (uirlisí, treoraíocht agus cleachtais) le haghaidh faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach tionscadal.
- 7) Is bun-seirbhísí iad cearta reachtúla a shuí agus teidlíochtaí indibhidiúla a ríomh a sholáthraíonn an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla don fhoireann reatha agus d’iarfhoirne an Choimisiúin Eorpaigh agus institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh. Déanann an Oifig an-chuid idirbheart a phróiseáil le haghaidh catagóirí éagsúla cearta, bunaithe ar bhunús dlí casta, agus le haghaidh iomad institiúidí agus cliant de chuid an Aontais Eorpaigh a mbíonn tréithe agus riachtanais éagsúla acu. Sa timpeallacht dhúshlánach sin, cé go bhfuil creat rialaithe oiriúnach ceaptha ag an oifig chun suí ceart na gceart agus ríomh na dteidlíochtaí a áirithiú le haghaidh foirne gníomhacha agus iar-ghníomhacha, is ann fós do laige an-tábhachtach maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht straitéis rialaithe na hoifige.
- 8) Maidir leis na hiniúchtaí a rinneadh: (1) ar bhainistíocht deontas i ndáil le Fís 2020 i nGníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde; (2) ar dheontais i ndáil le hIonstraim um Chúnamh Réamhaontachais II i mbainistíocht dhíreach san Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú; agus (3) ar phróisis chlabhsúir iar-chlár (a cuireadh chun feidhme faoi mhodhanna éagsúla cur chun feidhme

¹³ Tagraíonn ‘torthaí iniúcháireachta’ do thorthaí ón tSeirbhís Iniúchta Chomónta agus torthaí iniúcháireachta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (lena n-áirítear síneadh torthaí iniúcháireachta), chomh maith le torthaí ó imscrúduithe ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, (i bhfoirm moltaí airgeadais).

buiséid) san Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú, níor shainithin an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach aon saincheisteannta suntasacha.

4.1.4. Cur chun feidhme dhlí an Aontais

Tá príomhfhreagracht ar Ard-Stiúrthóireachtaí tacú le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm dhlí ('aquis') an Aontais Eorpaigh (AE) faireachán a dhéanamh air, agus é a fhorfheidhmiú.

- 1) Maidir le 2 Ard-Stiúrthóireacht ábhartha a ndearnadh iniúchadh orthu, rinneadh measúnú ar an gcaoi a dhéanann siad an méid a leanas: (1) tacú leis na Ballstáit ar bhun réamhghníomhach agus faireachán a dhéanamh orthu le go gcuirfidh siad reachtaíocht an Aontais Eorpaigh chun feidhme agus i bhfeidhm i gceart roimh theacht i bhfeidhm di agus measúnú a dhéanamh ar thrasuíomh threoracha an Aontais; (2) faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm leantach dhlíthe uile an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear láimhseáil gearán ag geallsealbhóirí agus bainistíocht a dhéanamh ar chásanna féin-tionscnaimh; agus (3) bainistíocht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú sáruithe agus laigí ionchasacha trí idirphlé a dhéanamh leis na Ballstáit agus trí nósanna imeachta um shárú.
- 2) D'admhaigh an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach go mbíonn dúshlán ar leith os comhair Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh maidir le cothroime a bhaint amach idir punann freagrachtaí a bhíonn éilítheach ar bhonn méadaitheach, go háirithe a mhéid a bhaineann le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus an t-ualach oibre méadaitheach a bhaineann le tionscnaimh nua bheartais agus reachtaíochta. Tháinig an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach ar an gconclúid, cé gur cheap Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh rialuithe inmheánacha atá oiriúnach tríd is tríd chun tacú le dlí an Aontais um fhuinneamh a chur i bhfeidhm, faireachán a dhéanamh air agus é a fhorfheidhmiú, gur ann fós do laige maidir le maoirseacht ag an mbainistíocht ar an bpróiseas um measúnú comhlíontachta, laige a mbíonn tionchar aici, ina seal, ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na maoirseachta.
- 3) Ar leibhéal Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, leis an gcóras rialuithe inmheánaigh atá ar bun, áiríthítear go ndéantar dlí iompair an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm trí thacaíocht, faireachán agus forfheidhmiú éifeachtach.
- 4) Ina theannta sin, díródh i dtríú iniúchadh ar phróiseas gearán na ngeallsealbhóirí san Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna. Níor sainaithníodh aon saincheisteannta feidhmíochta suntasacha.

4.1.5. Slándáil teicneolaíochta faisnéise

Chuir an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach bailchríoch ar 2 iniúchadh a bhain le slándáil teicneolaíochta faisnéise: iniúchadh ar an leibhéal lárnach ar an mbainistíocht agus an faireachán a rinneadh ar an gcomhlíontacht leis an gcreat slándála teicneolaíochta faisnéise de chuid an Choimisiúin agus iniúchadh iliomad Ard-Stiúrthóireachtaí ar an leibhéal áitiúil ar shlándáil teicneolaíochta faisnéise sa réimse acmhainní daonna.

- 1) Sa chéad iniúchadh a rinneadh ar bhainistíocht agus faireachán i dtaca le comhlíontacht léiríodh chomh mór is a bhí an cion oibre a bhí idir lámha agus na dúshlán a bhí os comhair Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta i leith iallach a chur ar na hArd-Stiúrthóireachtaí uile a gcomhlíontacht a thuairisciú toisc uimhir an-ard de rialuithe slándála faisnéise a bheith ann, agus toisc aghaidh a bheith á tabhairt acu ar roinnt mhaith tosaíochtaí eile go háirithe. Cé go raibh na huirlisí corparáideacha a raibh gá leo curtha ar bun ag Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach cheanglais slándála na teicneolaíochta faisnéise ar fud an Choimisiúin, bhí laigí sonracha in 2 réimse i gcónaí: (1) i mbainistíocht ar chomhlíontacht slándála faisnéise teicneolaíochta agus i gcleachtais tuairiscithe; agus (2) sa phróiseas bainistíochta comhlíontachta.

- 2) Mar gheall ar chineál íogair na faisnéise a mbíonn seirbhísí réimse na n-acmhainní daonna ag plé léi, tá sé fíor-riachtanach go mbeadh ann do chórais teicneolaíochta faisnéise an-daingnithe agus rialuithe slándála oiriúnacha. Ó thaobh thábhacht na saincheistanna ar thángthas orthu agus leibhéil aibíochta na slándála teicneolaíochta faisnéise a bheith éagsúil i measc seirbhísí, bhí torthaí measctha san iniúchadh. Maidir leis an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil, mar gheall ar roinnt laigí suntasacha tháinig an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach ar an gconclúid go bhfuil gá leis na próisis bhainistíochta, rialachais agus rialaithe teicneolaíochta faisnéise a fheabhsú tuilleadh ionas go laghdófar go leordhóthanach na rioscaí a sainaithníodh. Tríd is tríd, bhí dálaí dearfacha ann san Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla agus san Oifig Eorpach um Roghnú Foirne, d'ainneoin laigí áirithe a bheith iontu. Maidir leis an ról atá ag Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta mar sholáthraí seirbhíse do réimse na n-acmhainní daonna, thángthas san iniúchadh ar roinnt laigí suntasacha maidir leis an mbealach ina mbíonn caidreamh ag Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta leis na hArd-Stiúrthóireachtaí/seirbhísí sin.

4.1.6. Próisis eile

Rinneadh measúnú in 2 iniúchadh ar ghnéithe feidhmíochta próiseas eile (bainistíocht ar gheallsealbhoirí seachtracha agus cumarsáid i ndáil le géarchéimeanna) agus bhí torthaí na measúnuithe sin sásúil. Níor shainaithin an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach aon laigí suntasacha.

4.2. Na conclúidí teoranta ón tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

I mí Feabhra 2022 d'eisigh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach conclúidí teoranta chuig gach¹⁴ Ard-Stiúrthóireacht agus seirbhís maidir le stádas a gcuid córas rialaithe inmheánaigh. Leis na conclúidí teoranta sin cuireadh leis na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí 2021 ó na hArd-Stiúrthóireachtaí agus na seirbhísí lena mbaineann. Tarraingíodh ar an obair iniúchóireachta a rinneadh le 3 bliana anuas, agus mar sin cumhdaítear leis na conclúidí sin na moltaí oscailte uile a eisíodh. Tá conclúid na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach maidir le stádas na gcóras rialaithe inmheánaigh teoranta do na córais bhainistíochta agus rialaithe a ndearnadh iniúchadh orthu. Ní chumhdaítear leis an gconclúid sin na córais nach ndearna an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh orthu le 3 bliana anuas.

4.3. An tuairim fhoriomlán maidir le bainistíocht airgeadais ag an gCoimisiún

Mar a cheanglaítear ina cairt mhisin, eisíonn an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach tuairim fhoriomlán gach bliain maidir leis an mbainistíocht airgeadais a dhéanann an Coimisiún. Bunaítear sin ar an obair iniúchóireachta a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach i réimse na bainistíochta airgeadais sa Choimisiún le linn na 3 bliana roimhe (2019 go 2021). Cuirtear faisnéis ó fhoinsí eile san áireamh inti freisin, eadhon na tuarascálacha ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa. Eisítear an tuairim fhoriomlán comhuaineach leis na tuarascálacha sin agus cumhdaítear an bhliain chéanna inti.

Bunaithe ar an bhfaisnéis iniúchóireachta sin, mheas an t-iniúcháir inmheánach go raibh nósanna imeachta rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh curtha ar bun ag an gCoimisiún in 2021 atá oiriúnach, ina n-iomláine, chun dearbhú réasúnach a thabhairt maidir le baint amach a chuid cuspóirí airgeadais. Tá an tuairim fhoriomlán cáilithe, áfach, a mhéid a bhaineann leis na forchoimeádaí a rinne na hoifigigh údarúcháin trí tharmligean sna dearbhúcháin dearbhaithe a d'eisigh siad, faoi seach, ina dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí.

¹⁴ Eisceachtaí is ea Ard-Stiúrthóireacht HERA – an tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HaDEA). Cuireadh HERA agus HaDEA ar bun le linn 2021 agus dá bhrí sin níorbh fhéidir aon chonclúidí teoranta a sholáthar le haghaidh na n-eintiteas sin. I gcás na seirbhísí comhairliúcháin Inspioráid, Díospóireacht, Rannpháirtíocht agus Beart Luathaithe (IDEA), níor cuireadh aon iniúchtaí i gcrích le linn na tréimhe 2019-2021 toisc nár sainaithníodh aon rioscaí arda, agus dá bhrí sin níor soláthraíodh aon chonclúidí teoranta.

Ag teacht ar an tuairim fhoriomlán dó, rinne an t-iniúcháir inmheánach an tionchar comhcheangailte a bhí ag na méideanna uile ar measadh go raibh siad faoi riosca tráth na híocaíochta a mheas freisin toisc go bhfuil siadsan níos airde ná na méideanna a cuireadh faoi fhorchoimeádas. Is iad na méideanna foriomlána a bhí faoi riosca tráth na híocaíochta an meastachán is fearr a rinne oifigigh údarúcháin trí tharmligean ar mhéid an chaiteachais údaráithe nach raibh i gcomhréir leis na forálacha conarthacha agus rialála a bhí infheidhme tráth a rinneadh an íocaíocht in 2021. Sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí dá gcuid, measann na hard-stiúrthóireachtaí/na seirbhísí gurb ionann na méideanna a bhí faoi riosca tráth na híocaíochta ná idir tuairim is EUR 2 784 milliún agus tuairim is EUR 3 249 milliún. Tá sin comhfhreagrach do idir 1.6 % agus 1.9 % den chaiteachas ábhartha iomlán¹⁵ as buiséad an Choimisiúin, as an gCiste Eorpach Forbraíochta agus as Cistí Iontaobhais an Aontais in 2021 agus dá bhrí sin tá sé faoi bhun na hábharthachta de 2 % mar a shainmhínítear sna teoracha le haghaidh ullmhú na dTuarascálacha Bliantúla ar Gníomhaíochta 2021. Toisc na sásraí ceartaitheacha ilbhliantúla atá ina gcuid de chórais rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin¹⁶ níl aon cheartúcháin airgeadais ná aisghabhálacha a bhaineann le heasnamh agus earráidí a bhraithfidh agus a cheartóidh na hArd-Stiúrthóireachtaí agus na seirbhísí amach anseo san áireamh fós sna méideanna sin a bhí faoi riosca tráth na híocaíochta in 2021.

Measann an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach, mar gheall ar na heilimintí sin, go bhfuil buiséad an Aontais Eorpaigh cosanta go hoiriúnach ó thaobh iomláin agus ama de.

Gan an tuairim fhoriomlán a cháiliú tuilleadh, leag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach béim ar na hábhair a leanas:

1. Cur chun feidhme bhuiséad an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs na géarchéime a bhaineann le paindéim COVID-19

Is éard atá i gceist le staid na sláinte agus an staid shóisialta, eacnamaíoch agus airgeadais ar cruthaíodh iad mar gheall ar phaindéim COVID-19 ná gur féidir go mbainfeadh rioscaí arda, trasearnála don institiúid a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme an Aontais agus le soláthar a thosaíochtaí beartais.

Áirítear leis sin na hoibríochtaí atá mar chuid de chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020, a bhfuil gá le rialuithe oiriúnach (*ex post* go háirithe) a dhéanamh orthu fós, agus oibríochtaí faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 agus an pacáiste athshlánaithe faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, maidir le gnéithe dearbhaithe, comhlíontachta agus feidhmíochta.

Chun a áirithiú go ndéanfar an buiséad a chosaint go hiomchuí ar na dúshláin atá ann cheana, nach raibh a leithéid ann roimhe, cuireann an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach in iúl go láidir nach mór d'Ard-Stiúrthóireachtaí agus seirbhísí an Choimisiúin leanúint de (i) measúnú iomchuí a dhéanamh ar na rioscaí a tharla de bharr phaindéim COVID-19 agus a bhaineann le bainistíocht airgeadais i dtéarmaí dearbhaithe, feidhmíochta, comhlíontachta leis an gcreat dlíthiúil agus an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ar éifeachtacht chumas an Choimisiúin bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme mar gheall ar bhacainní lóistíochtúla a d'fhéadfadh a bheith air i dtaca le rialuithe ar an láthair a dhéanamh agus i dtéarmaí na staide eacnamaíche atá an-dúshlánach san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit (lena n-áirítear go bhféadfadh tairbhíthe a bheith ina bhféimhigh agus go bhféadfadh sé a bheith deacair méideanna neamhrialta a aisghabháil dá dheasca); agus (ii) bearta lagaíthe oiriúnacha a shainmhíniú agus a chur chun feidhme, amhail a gcuid straitéisí rialaithe a choigeartú nó a shainaithint an athuair.

¹⁵ Is éard is brí le caiteachas méid iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh in 2021 lúide méid iomlán an réamh-mhaoinithe nua a íocadh in 2021 móide méid iomlán an tsean-réamh-mhaoinithe arna imríteach in 2021 de réir mar a thuairiscigh seirbhísí an Choimisiúin ina gcuid Tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí 2021.

¹⁶ I bhfianaise thábhacht an tsásra cheartaithigh ilbhliantúil a mbíonn na méideanna faoi riosca tráth an dúnta mar thoradh orthu, tá an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach chun athbhreithniú teoranta a dhéanamh in 2022 ar thuairisciú na mbeart coiscitheach agus ceartaitheach de chuid an Choimisiúin (acmhainneacht cheartaitheach) i 6 Ard-Stiúrthóireachtaí agus cumhdófar leis sin na 4 réimse beartais a bhfuil na méideanna is airde acu le haghaidh na mbeart sin.

Thairis sin, ba cheart d'Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin leanúint de straitéisí iomchuí bainistíochta airgeadais, iniúchóireachta agus rialaithe a cheapadh agus a chur chun feidhme le haghaidh oibríochtaí chun tacú leis an téarnamh faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (NextGenerationEU), go háirithe a mhéid a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar gheall ar chur chun feidhme cur chuige nua atá bunaithe ar fheidhmíocht, tá forbairt bhreise le déanamh fós in 2022 ar eilimintí áirithe de cheapadh na straitéise rialaithe lena gcumhdaítear dlíthiúlacht agus rialtacht, eadhon na nósanna imeachta le haghaidh íocaíochtaí a chur ar fionraí agus tacaíocht a laghdú i gcásanna nár comhlíonadh garspriocanna ná spriocanna, i bpáirt nó go hiomlán, le haghaidh iarraidh ar leith ar íocaíocht. Ina theannta sin, is gá bailchríoch a chur ar cheapadh an rialaithe a mhéid a bhaineann leis an bhfreagracht iarmharach atá ar an gCoimisiún as eilimintí eile comhlíontachta (i.e. leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcás calaoise, éillitheachta, agus coinbhleachtaí leasa nó sárú tromchúiseach ar oibleagáid ar de thoradh an Chomhaontaithe lasachta nó Maoiniúcháin í).

2. Straitéisí maoirseachta a bhaineann le cur chun feidhme beartas agus clár ag tríú páirtithe.

Cé go bhfuil freagracht iomlán ar an gCoimisiún i gcónaí as dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais agus bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú, (agus as cuspóirí beartais a bhaint amach freisin), tá méadú i ndiaidh teacht ar iontaobh an Choimisiúin as cur chun feidhme a chuid clár ag tríú páirtithe. Áirithítear sin, den chuid is mó, trí chur chun feidhme bhuiséad oibríochtúil an Aontais nó cúraimí áirithe a tharmligeann do thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach, d'eagraíochtaí idirnáisiúnta nó institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, d'údarais náisiúnta agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta sna Ballstáit, do chomhghnóthais, comhlachtaí nach de chuid an Aontais iad, agus do ghníomhaireachtaí d'iláraithe an Aontais. Thairis sin, tá méadú ag teacht, i réimsí beartais áirithe, ar an úsáid a bhaintear as sásraí cistithe malartacha amhail ionstraimí airgeadais agus baineann dúshlán shonracha agus rioscaí sonracha don Choimisiún mar gheall orthu, mar a léirigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa freisin.

Chun a gcuid freagrachtaí foriomlána a chomhlíonadh, ní mór do na hArd-Stiúrthóireachtaí formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár agus na mbeartas agus treoraíocht agus cúnamh a sholáthar i gcás inar gá. Dá bhrí sin, ní mór dóibh gníomhaíochtaí maoirseachta, faireacháin agus tuairiscithe a shainmhíniú agus a chur chun feidhme atá oiriúnach, éifeachtach agus éifeachtúil chun a áirithiú go gcuirfidh na heintitis tharmligthe agus na comhpháirtithe eile na cláir chun feidhme go héifeachtach, go ndéanfaidh siad leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint go hoiriúnach, go gcomhlíonfaidh siad na comhaontuithe tarmligthe, nuair is infheidhme, agus go dtabharfar aghaidh, a luaithe is féidir, ar aon saincheisteanna ionchasacha a shaináithnítear.

Cé gur gabhadh gníomhaíochtaí de láimh le blianta beaga anuas ar leibhéal na seirbhísí lárnacha agus leibhéal na nArd-Stiúrthóireachtaí is ábhartha araon chun go laghdófar na rioscaí a saináithníodh de thoradh na hoibre iniúchóireachta, is gá feabhsuithe breise a dhéanamh fós i roinnt réimsí agus go háirithe a mhéid a bhaineann le measúnú colúin i mbainistíocht indíreach. Tá sin ábhartha, ní hamháin i ndáil le dúnadh na ngníomhaíochtaí a tarmligeadh faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020, ach níos ábhartha fós, i bhfianaise an mhéadaithe ar úsáid ionstraimí cothromais, ráthaíochta agus comhroinnte riosca i gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027.

3. Tuairisciú ar acmhainneacht cheartaitheach na gcórais rialaithe ilbhliantúil

Tá córais rialaithe ilbhliantúla curtha ar bun ag an gCoimisiún in éineacht leis na Ballstáit (i gcás inarb infheidhme) chun bainistíocht fhónta airgeadais ar chistí an Aontais a áirithiú. Cuimsítear bearta coiscitheacha sna córais sin (i.e. rialuithe arb é is aidhm dóibh earráidí a chosc sula ndéantar íocaíochtaí), chomh maith le bearta ceartaitheacha (i.e. rialuithe a dhéantar i ndiaidh na n-íocaíochtaí agus go dtí go ndúntar na cláir, nuair is infheidhme). Is ionann na bearta sin agus acmhainneacht cheartaitheach fhoriomlán an Choimisiúin (lena n-áirítear bearta arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit).

Ós rud é gur de chineál ilbhliantúil é an córas rialaithe de chuid an Choimisiúin, déantar torthaí an rialaithe a thuairisciú faoi dhó le linn thimthriall na gclár tríd an 'ríosca tráth na híocaíochta' measta¹⁷

¹⁷ Leis an 'ríosca tráth na híocaíochta' déantar cainníochtú ar aon earráidí arb ann dóibh tar éis bearta coiscitheacha a bheith déanta ach sula gcuirtear bearta ceartaitheacha i bhfeidhm.

(i.e. tar éis bearta coisctheacha) agus ‘riosca tráth an dúnta’ measta¹⁸ (i.e. tar éis bearta coisctheacha agus ceartúcháin). Ríomhtar an ‘riosca tráth an dúnta’ trí na ceartúcháin mheasta a bheidh le déanamh amach anseo a dhealú ón¹⁹ ‘riosca tráth na híocaíochta’ measta.

Tríd is tríd, tugann IAS dá haire roinnt feabhsaithe a rinneadh sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí 2021 ó na hArd-Stiúrthóireachtaí agus sa Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht (dréacht) maidir le faisnéis faoi bhearta coisctheacha agus ceartaitheacha a chuir an Coimisiún agus na Ballstáit i bhfeidhm. Ós rud é, áfach, go bhfuil méadú ag teacht ar thábhacht na gceartúchán a chuireann na Ballstáit chun feidhme mar chuid lárnach den ollstruchtúr rialaithe i mbainistíocht chomhpháirteach, is gá fós an fhaisnéis a sholáthraítear faoi acmhainneacht cheartaitheach a fheabhsú tuilleadh (i dtéarmaí a soiléireacht agus scoilteadh na sonraí is ábhartha) chun go gcuirfear bunús go hoiriúnach le hacmhainneacht cheartaitheach fhoriomlán an Choimisiúin (lena n-áirítear ceartúcháin arna n-iarraidh ag an gCoimisiún agus arna nglacadh ag na Ballstáit), leis na ceartúcháin mheasta a bheidh le déanamh amach anseo agus leis an ‘riosca tráth an dúnta’ a bheidh mar thoradh orthu. Go háirithe, (a) is gá sonraí breise a bheith ann maidir leis an scoilt idir na bearta ceartaitheacha a chuir na Ballstáit chun feidhme agus (b) is gá an gaol idir na ‘ceartúcháin mheasta a bheidh le déanamh amach anseo’ agus na ‘ceartúcháin a cuireadh chun feidhme’ a mhíniú go soiléir agus is gá go mbeidh sonraí ábhartha ann chun tacú leo, ar leibhéal Ard-Stiúrthóireachta sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí²⁰ ar an gcead dul síos agus ar an dara dul síos ar leibhéal an Choimisiúin sa Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht.

5. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS AN BPAINÉAL UM MÍRIALTACHTAÍ AIRGEADAIS DE CHUID AN CHOIMISIÚIN²¹

Ní dhearna an painéal a bunaíodh de bhun Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais tuairisciú in 2021 ar aon fhadhbanna córasacha agus tuairim dá dtagraítear in Airteagal 93 den Rialachán Airgeadais á tabhairt uaidh.

6. BEARTA MAOLAITHE LE HAGHAIDH COINBHLEACHTAÍ LEASA IONCHASACHA (CAIGHDEÁIN IDIRNÁISIÚNTA UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH) — IMSCRÚDÚ AN OMBUDSMAN EORPAIGH

An 1 Márta 2017 tháinig an tUasal Manfred Kraff, Ard-Stiúrthóir reatha na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach, agus Iniúcháir Inmheánach an Choimisiúin, ina oifig. Roimhe sin bhí an tUasal Kraff ina Leas-Ard-Stiúrthóir agus Oifigeach Cuntasaíochta de chuid an Choimisiúin in Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid.

I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta²², ar an 7 Márta 2017, tar éis dó a bheith ceaptha mar Ard-Stiúrthóir agus Iniúcháir Inmheánach, d’eisigh an tUasal Kraff treoracha maidir leis na

¹⁸ Is éard is ‘riosca tráth an dúnta’ ann an riosca a mheastar nuair a chuirtear bailchríoch ar rialuithe agus nach féidir tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh go dlíthiúil.

¹⁹ Is ionann na ‘ceartúcháin mheasta a bheidh le déanamh amach anseo’ (nó na bearta ceartaitheacha’ measta) agus méid an chaiteachais lena sáraítear na forálacha rialála agus conarthacha is infheidhme, méid a dhéanfaidh an Ard-Stiúrthóireacht a shainaithint agus a cheartú, ar bhonn meastacháin chaola dá cuid, trí rialuithe a chuirfear chun feidhme tar éis don íocaíocht a bheith údaraithe (i.e. ní hiad na cinn sin amháin a bheidh curtha chun feidhme tráth an tuairiscithe a bheidh san áireamh (i.e. Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí) ach na cinn sin freisin a chuirfear chun feidhme le linn na mblianta leantacha go dtí go mbeidh deireadh leis an gclár).

²⁰ Tá an príomh-fheabhsú sin thar a bheith tábhachtach i réimse an Chomhtháthaithe toisc gurb iad na Ballstáit a chuireann an chuid is mó de na ceartúcháin chun feidhme. Tugann IAS dá haire go bhfuil Ard-Stiúrthóireachtaí an Chomhtháthaithe tiomanta do na sonraí a fheabhsú chuige sin.

²¹ Ó tháinig an Rialachán Airgeadais nua i bhfeidhm aistríodh feidhmeanna phainéil uile um mírialtacht airgeadais de chuid na n-institiúidí chuig Painéal an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais.

²² Luaitear sna caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta, a ndéantar tagairt go sainráite dóibh sa Rialachán Airgeadais in Airteagal 98 (‘An tIniúcháir Inmheánach a cheapadh’), mar a leanas: ‘Más lagaithe a neamhspleáchas nó a n-oibiachtúlacht, i bhfíoras nó i gcuma, ní mór sonraí an lagaithe a nochtadh do na páirtithe iomchuí. Braithfidh cineál an nochta ar an lagú.’ (Caighdeán 1130, IIA-IPPF). Thairis sin, luaitear sna caighdeáin: ‘ní mór d’iniúcháirí inmheánacha staonadh ó mheasúnú a dhéanamh ar oibríochtaí sonracha a raibh freagracht orthu astu roimhe. Tugtar le fios go bhfuil oibiachtúlacht lagaithe má sholáthraíonn iniúcháir

socruithe a bhí le cur ar bun chun go maolófar agus/nó go seachnófar aon choinbhleacht leasa, idir ionchasach agus measta, i ndáil leis na freagrachtaí a bhí air roimhe, in obair iniúchóireachta na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach. Cuireadh síneadh leis na socruithe sin in 2018, 2019, 2020, 2021 agus in 2022 (go dtí an 1 Márta 2023) trí nótaí teoraithe chuig foireann uile na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach, eisithe ag an Uasal Kraff. De réir na socruithe, ní bheadh baint ag an Uasal Kraff sa mhaoirseacht ar obair iniúchóireachta i ndáil le hoibríochtaí a raibh sé freagrach astu roimh theacht isteach sa tSeirbhís um Iniúchóireacht inmheánach dó. Is faoi fhreagracht an Uasail Jeff Mason, Stiúrthóir sa tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (Stiúrthóireacht B, Iniúchóireacht sa Choimisiún, sna Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin, i nGníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus i gcomhlachtaí neamhspleácha eile II) a thit nó a thitfidh maoirseacht na hoibre i gcásanna den sórt sin i ndeireadh na dála. Luadh sna socruithe freisin go gcuirfí an Coiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta ar an eolas faoi na treoracha sin agus faoina gcur i bhfeidhm agus go rachadh an tUasal Mason i mbun comhairle leis an gCoiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta le haghaidh measúnú ar aon staid a d'fhéadfaí a léirmhíniú mar lagú neamhspleáchas nó oibiachtúlacht an Uasail Kraff. Sna cásanna sin, staonfadh an tUasal Kraff ó aon mhaoirseacht a dhéanamh ar an iniúchadh a bhí i gceist.

Rinneadh na socruithe a bhí ar bun a phlé leis an gCoiste um Dul Chun Cinn Iniúchóireachta ag cruinniú mhí an Mhárta 2018 dá chuid. Mheas an Coiste go dtugtar aghaidh go sásúil ar an riosca go mbeadh ann do choinbhleacht leasa sna bearta a tharraing an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach suas i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus an dea-chleachtas. Thug an coiste dá aire freisin agus bhí sé sásta gur cuireadh socruithe chun neamhspleáchas eagraíochtúil a áirithiú sna hiniúchtaí ábhartha chun feidhme i gcleachtas. Thug an Coiste um Dhul Chun Cinn dá aire freisin gur leanadh leis na socruithe sin le linn mhí Eanáir 2021 (an grúpa ullmhúcháin) agus thug sé dá aire freisin agus é sásta gur cuireadh na socruithe sin chun feidhme i gcleachtas i roinnt iniúchtaí agus mheas sé gur cleachtas chun tosaigh é sin sa ghairm iniúchóireachta inmheánaí.

Sa tréimhse 2018-2020, le linn na n-éisteachtaí a bhí mar chuid d'urscaoileadh bhliain an tuairiscithe chuir an tUasal Kraff na socruithe a cuireadh ar bun faoi bhráid an Choiste um Rialú Buiséid de chuid Pharlaimint na hEorpa (CONT).

inmheánach seirbhísí dearbhaithe le haghaidh gníomhaíocht a raibh freagracht ar an iniúchóir aisti laistigh den bhliain roimhe' (Caighdeán 1130.A1, IIA-IPFF).